Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2016
(OR. en)

5419/16
ADD 1 REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0011 (COD)

DATAPROTECT 2
JAI 38
MI 25
DIGIT 21
DAPIX 9
FREMP 4
CODEC 52

## DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfar RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 25 Eanáir 2012, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athchóiriú cuimsitheach ar chosaint sonraí arb éard atá ann an méid seo a leanas:

- an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a bheartaítear a chur in ionad Threoir 1995 maidir le Cosaint Sonraí (an chéad cholún a bhí ann roimhe seo);

- togra le haghaidh Treoir maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, a bheartaítear a chur in ionad Chinneadh Réime 2008 maidir le Cosaint Sonraí (an tríú Colún a bhí ann roimhe seo).

Ghlac Parlaimint na hEorpa a Seasamh ar an gcéad léamh i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar an 12 Márta 2014 (7427/14).

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta ar an 15 Meitheamh 2015, rud a thugann sainordú caibidlíochta don Uachtaránacht dul i mbun idirphlé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa (9565/15).

Rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar leibhéal an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus Choiste na mBuanionadaithe faoi seach, a gcomhaontú a dheimhniú ar an 17 agus ar an 18 Nollaig 2015 faoi seach maidir leis an téacs comhréitigh a bhí mar thoradh ar an gcaibidlíocht le linn na gcruinnithe trípháirteacha.

Ag na cruinnithe a bhí aici ar an 12 Feabhra 2016, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Dréacht-Rialachán (5455/15). Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle a Seasamh ar an gcéad léamh atá go huile agus go hiomlán i gcomhréir leis an téacs comhréitigh maidir leis an Rialachán a comhaontaíodh le linn na caibidlíochta neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Thíolaic an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta tuairim maidir leis an Rialachán in 2012 (IO C 229, 31.7.2012, lch. 90).

Thíolaic Coiste na Réigiún tuairim maidir leis an Rialachán (IO C 391, 18.12.2012, lch. 127).

Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé a chéad tuairim in 2012 (IO C 192, 30.6.2012, lch. 7) agus an dara tuairim in 2015 (IO C 301, 12.09.2015, lch. 1-8).

Thíolaic an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha Tuairim ar an 1 Deireadh Fómhair 2012.

## II. CUSPÓIR

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí déantar na rialacha cosanta sonraí san Aontas Eorpach a chomhchuibhiú. Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an Rialachán go neartófar na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair, go n-éascófar saorshreabhadh sonraí pearsanta sa mhargadh aonair agus go laghdófar an t-ualach riaracháin.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Barúlacha ginearálta

I bhfianaise chuspóir na Comhairle Eorpaí chun teacht ar chomhaontú maidir leis an athchóiriú ar chosaint sonraí faoi dheireadh na bliana 2015, chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta neamhfhoirmiúla d'fhonn a seasaimh a chomhtháthú. Le téacs an tSeasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir, de chúnamh ag an gCoimisiún.

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh coinnítear cuspóirí Threoir 95/46/CE, is é sin le rá cearta cosanta sonraí a chosaint agus saorshreabhadh sonraí. Ag an am céanna, féachtar leis an Seasamh sin leis na rialacha maidir le cosaint sonraí atá i bhfeidhm faoi láthair a oiriúnú i bhfianaise an tsíormhéadaithe ar an méid sonraí pearsanta a phróiseáiltear mar thoradh ar an athrú teicneolaíoch agus ar an domhandú. D'fhonn an Rialachán a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, is é is aidhm do na rialacha maidir le cosaint sonraí a bhaineann leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

Chun leibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do dhaoine aonair ar fud an Aontais agus chun dibhéirseachtaí a chuireann bac a chur ar shaorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a bheag nó a mhór, do shraith aonair rialacha atá infheidhme go díreach ar fud an Aontais. Tríd an gcomhchuibhiú sin cuirfear deireadh leis an ilroinnt a eascraíonn as dlíthe éagsúla na mBallstát a bhfuil Treoir 95/46 á cur chun feidhme acu. Mar sin féin, d'fhonn aird a thabhairt ar cheanglais staideanna sonracha próiseála sonraí, lena n-áirítear don earnáil phoiblí, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh cuirfear ar chumas na mBallstát cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cosaint sonraí, a leagtar síos sa Rialachán, a shonrú tuilleadh ina ndlí náisiúnta.

Is ionann sonraí pearsanta a chosaint agus ceart bunúsach a chumhdaítear in Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagtar síos go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint, beag beann ar an náisiúntacht atá acu nó an áit a bhfuil cónaí orthu, agus go mba cheart rialacha a leagan síos chun na críche sin agus chun críocha saorghluaiseachta sonraí pearsanta. Ar an mbonn sin, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar síos na prionsabail agus na rialacha maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta.

D'fhonn cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh neartaítear cuntasacht na rialaitheoirí (atá freagrach as cinneadh a dhéanamh i leith na gcuspóirí agus na mbealaí le sonraí pearsanta a phróiseáil) agus as cuntasacht na bpróiseálaithe (atá freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann an rialaitheora) ar mhaithe le fíorchultúr na cosanta sonraí a chur chun cinn. I bhfianaise an méid sin, síos tríd an Rialachán, tugtar isteach cur chuige rioscabhunaithe ionas gur féidir modhnú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an rialaitheoir agus ar an bpróiseálaí i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí. Ina theannta sin, tá cóid iompair agus sásraí deimhniúcháin ina gcabhair chun na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Leis an gcur chuige sin, cuirtear bac ar rialacha a bheadh ró-rúrach agus laghdaítear an t-ualach riaracháin gan comhlíonadh a laghdú. Thairis sin, cruthaítear dreasachtaí do rialaitheoirí an Rialachán a chomhlíonadh mar thoradh ar na pionóis fhéideartha ar féidir a fhorchur a bheith de chineál athchomhairleach.

Foráiltear freisin leis na rialacha nua cosanta sonraí, a leagtar síos sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, do chearta neartaithe atá in-fhorfheidhmithe do shaoránaigh. Ar an gcaoi sin, is féidir le daoine aonair a sonraí pearsanta a rialú ar bhealach níos fearr i dtreo is go mbeidh níos mó muiníne i seirbhísí ar líne ar scála trasteorann, rud a chuirfidh borradh faoin Margadh Aonair Digiteach. Ba cheart cosaint ar leith a thabhairt do leanaí de bhrí go bhféadfadh sé nach bhfuil siad ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ná faoi na cearta atá acu chomh maith leis sin.

Ina theannta sin, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cuirtear feabhas ar neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta agus déantar a gcuid cúraimí agus cumhachtaí a chomhchuibhiú ag an am céanna. Cuirfidh na rialacha le haghaidh an chomhair idir na húdaráis mhaoirseachta agus, nuair is iomchuí, leis an gCoimisiún i gcásanna trasteorann - an sásra comhsheasmhachta - le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin ar fud an Aontais Eorpaigh. Méadóidh sin an deimhneacht dhlíthiúil agus laghdóidh sé an t-ualach riaracháin. Thairis sin, leis an sásra maidir le hionaid ilfhreastail forálfar le haghaidh idirghabhálaí amháin do na rialaitheoirí agus próiseálaithe i ndáil lena bpróiseáil trasteorann, lena n-áirítear cinntí ceangailteacha i ndíospóidí ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a bunaíodh le déanaí. Mar thoradh ar an sásra seo, beidh cur i bhfeidhm an Rialacháin níos comhsheasmhaí. Thairis sin, cuirfidh sé leis an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus laghdóidh sé an t-ualach riaracháin.

Ar deireadh, leagtar amach sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh creat cuimsitheach chun sonraí pearsanta a aistriú ón Aontas Eorpach chuig faighteoirí i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta lena gcuirtear uirlisí nua ar fáil i gcomparáid le Treoir 95/46/CE.

## B. Na príomh-shaincheisteanna

Rinne an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, de chúnamh ag an gCoimisiún Eorpach, a seasaimh, a leagtar síos i gCur chuige Ginearálta na Comhairle agus sa Seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh faoi seach, a thabhairt le chéile le linn caibidlíocht neamhfhoirmiúil. Léirítear na comhréitigh ar ar thángthas go hiomlán leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Leagtar amach príomh-shaincheisteanna an tSeasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh thíos.

**1. Raon feidhme**

1.1. Raon feidhme ábhartha an Rialacháin agus a leagan amach i ndáil leis an Treoir maidir le forfheidhmiú an dlí

Foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhfuil feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe, agus maidir le próiseáil seachas trí mhodhanna uathoibrithe, a dhéantar ar shonraí pearsanta, ar cuid d'aon tsraith struchtúrtha de shonraí pearsanta iad a bhfuil rochtain orthu de réir critéir shonracha, nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de shraith struchtúrtha den chineál sin. Tá raon feidhme ábhartha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí ina raoin fheidhme chomheisiatacha. Sonraítear nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc. Mar thoradh ar an dealú sin, cuirtear ar chumas údarás forfheidhmithe dlí, go háirithe na póilíní, an córas cosanta sonraí a bhaineann leis an Treoir a chur i bhfeidhm, mar riail ghinearálta, agus leibhéal ard comhsheasmhach cosanta sonraí pearsanta á áirithiú le haghaidh daoine aonair atá faoi réir oibríochtaí fhorfheidhmiú an dlí.

1.2. Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh

D'fhonn cosaint aonfhoirmeach chomhsheasmhach a áirithiú d'ábhair sonraí maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta , tugtar le fios leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go mba cheart na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a bhaineann le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an Aontais, a dhéanamh tar éis ghlacadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí chun gur féidir é a bheith infheidhme ag an am céanna leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

1.3. Díolúine tís

Ar mhaithe le rialacha a sheachaint a chuirfeadh ualach gan ghá ar dhaoine aonair foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag duine nádúrtha, agus é ag gníomhú chun críocha pearsanta nó chun críocha tís amháin agus dá bhrí sin, nach bhfuil aon bhaint aige le gníomhaíocht ghairmiúil ná le gníomhaíocht tráchtála.

1.4. Raon feidhme críochach

Cruthaítear cothroime iomaíochta leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe ó thaobh raon feidhme críochach de, trí rialaitheoirí agus próiseálaithe uile a chumhdach, is cuma an bhfuil siad bunaithe san Aontas nó nach bhfuil.

Ar an gcéad dul síos, cinntear leis an Rialachán go mbeidh feidhm ag rialacha cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaíochta de chuid rialaitheora nó próiseálaí san Aontas, is cuma má dhéantar an phróiseáil san Aontas nó mura ndéantar. Ar an dara dul síos, chun a áirithiú nach séantar cosaint a gcuid sonraí ar dhaoine, beidh feidhm ag an Rialachán maidir le próiseáil sonraí pearsanta d'ábhair sonraí atá san Aontas, fiú mura bhfuil rialaitheoir nó próiseálaí bunaithe san Aontas, ach i gcás ina mbaineann a ghníomhaíochtaí próiseála le tairiscint earraí nó seirbhísí do na hábhair sonraí sin san Aontas, agus leis an bhfaireachán a dhéantar ar iompar na ndaoine sin a mhéid atá an t-iompar sin ar bun laistigh den Aontas. De bhreis air sin, tríd an raon feidhme a chinneadh ar an mbealach sin, feabhsaítear deimhneacht dhlíthiúil do rialaitheoirí agus d'ábhair sonraí (iad siúd a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil).

Áirítear freisin leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go mbeidh pointe teagmhála san Aontas Eorpach ag ábhair sonraí agus ag údaráis mhaoirseachta sa chás nach mbíonn rialaitheoirí agus próiseálaithe bunaithe san Aontas ach go mbíonn siad cumhdaithe ag raon feidhme an Rialacháin: ní mór dóibh ionadaí san Aontas a ainmniú i scríbhinn. D'fhonn ualach neamhriachtanach riaracháin a sheachaint, níl feidhm ag an oibleagáid seo maidir le próiseáil nach dóigh go mbainfidh riosca léi do chearta agus do shaoirsí daoine aonair agus maidir le próiseáil a dhéanfaidh údarás poiblí nó comhlacht an tríú tír.

## 2. Na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta

Tá feidhm ag na prionsabail chosanta sonraí maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha inaitheanta nó aitheanta lena n-áirítear faisnéis nach féidir a lua le hábhar sonraí sonrach a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, fad a choimeádfar an fhaisnéis bhreise sin ar leithligh agus faoi réir beart teicniúil agus eagraíochtúil chun neamh-lua do dhuine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta a áirithiú (ainm bréige a úsáid). I gcomparáid le Treoir 95/46, leis an Rialachán tugtar tacaíocht ghinearálta do phrionsabail na Treorach atá mar bhunús le próiseáil sonraí pearsanta. Ag an am céanna, rinneadh an prionsabal "íoslaghdú sonraí" a choigeartú chun an réaltacht dhigiteach a chur san áireamh agus d'fhonn cothromaíocht a bhunú idir sonraí pearsanta a chosaint, ar láimh amháin, agus deiseanna do rialaitheoirí sonraí a phróiseáil, ar an láimh eile.

## 3. Dlisteanacht na próiseála

### 3.1. Coinníollacha maidir le dlisteanacht

D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh cuirtear le Treoir 95/46 sa chaoi is go sonraítear leis nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dlisteanach ach amháin má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí le ceann amháin nó níos mó de na críocha sonracha;
- conradh;
- oibleagáid dhlíthiúil;
- cosaint leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile;
- cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;
- na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag rialaitheoir nó ag triú páirtí.

Ba cheart dhá cheann de na coinníollacha a mhíniú: toiliú agus leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag rialaitheoir nó ag triú páirtí.

*3.1.1. Toiliú*

D'fhonn cead a thabhairt maidir lena gcuid sonraí pearsanta féin a phróiseáil, féadfaidh ábhar sonraí toiliú leis an bpróiseáil trí ghníomhaíocht dhearfach shoiléir lena dtugtar le tuiscint go sonrach, feasach, faoi shaoirse agus gan athbhrí, go n-aontaíonn sé nó sí go bhféadfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil. Cumhdaítear leis an toiliú sin na gníomhaíochtaí uile próiseála a dhéantar chun na críche céanna nó chun na gcríoch céanna. I gcás ina bhfuil an iliomad críoch leis an bpróiseáil, ní mór toiliú a thabhairt maidir leis na críocha próiseála uile. Ina theannta sin, ní mór don rialaitheoir a bheith in ann a thaispeáint gur thoiligh an t-ábhar sonraí leis an oibríocht phróiseála. Dá bhrí sin, níor cheart gurb ionann agus toiliú iad tost, boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré nó neamhghníomhaíocht. Le cóiriú choincheap an toilithe áirithítear leanúnachas leis an acquis a forbraíodh maidir leis an gcoincheap sin a úsáid ar bhonn Threoir 95/46/CE agus ag an am céanna cuirtear le comhthuiscint ar thoiliú agus lena chur i bhfeidhm go comhpháirteach ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, d'fhonn cearta cosanta sonraí an ábhair sonraí a chosaint, sonraítear, i gcás ina dtugann an t-ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn a bhaineann le hábhair eile freisin, ní bheidh ceangal ag aon chuid den dearbhú sin arb ionann é agus sárú ar an Rialachán. Thairis sin, agus measúnú á dhéanamh ar cibé an bhfuil toiliú tugtha faoi shaoirse, caithfear a chur san áireamh go huile agus go hiomlán, inter alia, an é nach ndéantar conradh a chomhlíonadh ach amháin ar choinníoll go dtugtar toiliú do phróiseáil nach bhfuil riachtanach chun an conradh sin a chomhlíonadh.

Ar deireadh, ionas go gceadófar maoluithe ón toirmeasc ginearálta le haghaidh próiseáil catagóirí speisialta de shonraí pearsanta, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh foráiltear do thairseach níos airde ná mar a bhíonn i gceist le próiseáil eile toisc nach mór don ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú follasach a thabhairt maidir le próiseáil sonraí íogaire pearsanta den sórt sin.

Maidir le leanaí, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh foráiltear do chóras sonrach cosanta i gcás ina dtoilíonn leanaí le tairiscint ó sheirbhísí na sochaí faisnéise. Beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh atá faoin aois uasta 16 bliana dleathach más féidir a fhíorú le réasún, agus an teicneolaíocht atá ar fáil á cur san áireamh, gurb é sealbhóir na freagrachta tuismitheora as an leanbh a thug nó a údaraigh an toiliú sin. Ceadaítear do Bhallstáit i gcás ina measann siad go bhfuil aois níos ísle níos iomchuí, uasaois níos ísle a shocrú, ar choinníoll nach bhfuil sí faoi bhun 13 bliana.

*3.1.2. Leas dlisteanach an rialaitheora*

Féadann próiseáil sonraí pearsanta a bheith dleathach más gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí. Níl na leasanna dlisteanacha sin leordhóthanach mar fhorais le haghaidh próiseáil dhleathach i gcás go sáraíonn leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear sonraí pearsanta a chosaint, na leasanna sin, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí.

Más ann do leas dlisteanach, ní mór measúnú a dhéanamh, lena n-áirítear a mheas an bhféadfadh ábhar sonraí a bheith ag súil leis go réasúnta tráth bhailiú na sonraí pearsanta agus i gcomhthéacs bhailiú na sonraí pearsanta go bhféadfaí próiseáil a dhéanamh chun na críche sin. Féadfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na margaíochta dírí a mheas mar phróiseáil a dhéantar ar mhaithe le leas dlisteanach. Ar an ábhar gur faoin reachtóir atá sé foráil a dhéanamh leis an dlí don bhunús dlí atá ag údaráis phoiblí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, níl feidhm aige sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí i bhfeidhmiú a gcúraimí.

3.2. Rialacha sonracha Ballstát lena ndéanfar cur i bhfeidhm an Rialacháin a oiriúnú

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ceadaítear do na Ballstáit forálacha níos sainiúla a choimeád nó a thabhairt isteach lena gcuirfear feidhmiú rialacha an Rialacháin in oiriúint más chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil nó má tá an phróiseáil riachtanach chun cúram éigin a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Foráiltear freisin do mhaoluithe, do cheanglais shonracha agus do bhearta eile maidir le hoibríochtaí sonracha próiseála ina ndéanann na Ballstáit réiteach idir an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, rochtain phoiblí ar dhoiciméid phoiblí, próiseáil uimhreacha aitheantais náisiúnta, próiseáil i gcomhthéacs na fostaíochta agus próiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha an taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh.

3.3. Tuilleadh próiseála

Foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh nach mbeidh próiseáil chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta sa chéad áit, dleathach ach amháin i gcás go bhfuil an tuilleadh próiseála sin comhoiriúnach leis na críocha dár próiseáladh na sonraí pearsanta sa chéad áit. I gcás, áfach, inar thug an t-ábhar sonraí a t(h)oiliú nó ina mbeadh an phróiseáil bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit, ar beart riachtanach, comhréireach é i sochaí dhaonlathach chun cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas ginearálta an phobail a choimirciú go háirithe, ceadaítear don rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh beag beann ar chomhoiriúnacht na gcríoch. Daingníodh cearta an ábhair sonraí i gcás go ndéantar tuilleadh próiseála, go háirithe maidir leis an gceart chun faisnéis a fháil agus maidir leis an gceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil bhreise den sórt sin nuair nach bhfuil sí riachtanach chun cúram a chur i gcrích ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail.

Lena bhfionnadh an bhfuil críoch i ndáil le tuilleadh próiseála comhoiriúnach leis an gcríoch sin ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta sa chéad áit, ní mór don rialaitheoir a chur san áireamh, *inter alia*, aon nasc idir na críocha a bhí ann sa chéad áit agus na críocha i ndáil le tuilleadh próiseála a bheartaítear a dhéanamh, an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe ionchais réasúnta an ábhair sonraí ar bhonn an ghaoil eatarthu agus an rialaitheoir maidir lena n-úsáid bhreise, cineál na sonraí pearsanta, na hiarmhairtí a bheadh ag an tuilleadh próiseála a bheartaítear ar an ábhar sonraí, agus cibé an bhfuil coimircí iomchuí sna hoibríochtaí breise próiseála a rinneadh sa chéad áit agus iontu siúd a bheartaítear a dhéanamh chomh maith.

3.4. Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil

Is ceart cosaint ar leith a thabhairt do shonraí pearsanta ar de chineál fíor-íogair iad toisc go bhféadfaí, mar thoradh ar chomhthéacs a bpróiseála, rioscaí suntasacha a chruthú i ndáil le cearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine aonair. Ar an gcúis sin, mar riail, coinnítear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh cur chuige Threoir 95/46 lena gcuirtear toirmeasc ar phróiseáil catagóirí speisialta de shonraí pearsanta.

De mhaolú ar an riail sin, i gcásanna áirithe, ar bhonn teoranta, ceadaítear sonraí íogaire a phróiseáil, mar shampla nuair atá toiliú sainráite tugtha ag an ábhar sonraí, nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, nó nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha eile, i measc nithe eile i réimse na sláinte.

Ar deireadh, foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhféadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise a thabhairt isteach, lena n-áirítear teorainneacha i ndáil le próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha nó sonraí sláinte. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfí isteach, leis na coinníollacha breise sin, ar shaorshreabhadh sonraí laistigh den Aontas.

## 4. Cumhachtú na n-ábhar sonraí

4.1. Réamhrá

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cumhachtaítear ábhair sonraí trí chearta cosanta sonraí a dhaingniú dóibh agus trí oibleagáidí a chur ar rialaitheoirí. Cuimsítear faoi chearta an ábhair sonraí an ceart chun faisnéis a fháil, chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta, go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh, ar cearta iad lena n-áirítear "ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad", an ceart go ndéanfaí próiseáil a shrianadh, an ceart chun iniomparthacht sonraí, an ceart agóid a dhéanamh agus an ceart gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú. Tugtar míniú breise thíos ar na cearta a bhí faoi réir athruithe tábhachtacha i gcomparáid le Treoir 95/46.

Tá rialaitheoirí faoi oibleagáid éascú a dhéanamh ar fheidhmiú chearta na n-ábhar sonraí agus sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta, go háirithe trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le próiseáil a chuireann siad i gcrích ar shonraí pearsanta.

Mura féidir leis an rialaitheoir ábhar sonraí a shainaithint ó na sonraí pearsanta a phróiseáil sé áfach, níl sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir faisnéis bhreise a fháil chun an t-ábhar sonraí a shainaithint díreach chun foráil de chuid an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

D'ainneoin na gceart sin atá ag na h-ábhair sonraí agus d'ainneoin na n-oibleagáidí sin atá ar rialaitheoirí, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh coinnítear cur chuige Threoir 95/46 trí fhoráil a dhéanamh do shrianta a chur ar na prionsabail ghinearálta agus ar chearta an duine má tá srian den sórt sin bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí na mBallstát. Ní mór, le srianta den sórt sin, éirim na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha a urramú agus ní mór dóibh a bheith riachtanach agus comhréireach chun go ndéanfar leasanna poiblí áirithe a choimirciú i sochaí dhaonlathach.

4.2. Trédhearcacht

I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta, ní mór do rialaitheoirí faisnéis agus cumarsáid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil a chur ar fáil ar bhealach achomair, trédhearcach, intuigthe, so-inrochtana, i dteanga shoiléir shimplí, go háirithe maidir le faisnéis atá dírithe ar leanbh. Is i scríbhinn nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil, nó trí mheán eile, trí mheán leictreonach i gcás inarb iomchuí.

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar síos freisin teorainneacha ama maidir le hiarratais ar fhaisnéis, ar aon chumarsáid nó ar aon ghníomhaíocht eile ón rialaitheoir, ar iarratais iad nach mór a fheidhmiú saor in aisce mar riail ghinearálta. I gcás inar léir go follasach, áfach, go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh an rialaitheoir táille réasúnach a ghearradh as an bhfaisnéis a chur ar fáil nó as gníomhaíocht a dhéanamh mar a iarradh, agus déanfaidh sé costais riaracháin a chur san áireamh i socrú na táille sin dó, nó féadfaidh an rialaitheoir diúltú do ghníomhú de bhun na hiarrata. Sna cásanna sin, is faoin rialaitheoir atá sé a léiriú go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach amach is amach.

4.3. Faisnéis agus cumarsáid atá le soláthar ag an rialaitheoir

D'fhonn cothromaíocht a aimsiú idir, ar láimh amháin, faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil d'ábhair sonraí faoi phróiseáil a sonraí pearsanta, agus, ar an láimh eile, oibleagáidí troma do rialaitheoirí a sheachaint, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh leagtar amach cur chuige chun a áirithiú go gcuirfear ábhair sonraí ar an eolas go hiomchuí, i gcás ina bhfuil na sonraí pearsanta á mbailiú ón ábhar sonraí agus, i gcásanna nach bhfuarthas na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí freisin. Sa chéad chéim, tá an rialaitheoir faoi iallach an fhaisnéis atá liostaithe sa Rialachán a chur ar fáil don ábhar sonraí tráth a fhaighfear sonraí pearsanta. Sa dara céim, ní mór don rialaitheoir an fhaisnéis bhreise a chur ar fáil atá liostaithe sa Rialachán agus ar gá í chun a áirithiú go ndéanfar próiseáil chothrom agus éifeachtúil. Cuirfidh rialaitheoirí na hábhair sonraí ar an eolas freisin nuair atá sé ar intinn acu na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críoch atá éagsúil ón gcríoch ar bailíodh na sonraí pearsanta chuici sa chéad áit.

Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir an fhaisnéis atá liostaithe sa chéad nó sa dara céim a chur ar fáil nuair atá an fhaisnéis sin ag an ábhar sonraí cheana féin. I gcás nach ón ábhar sonraí a fuarthas na sonraí pearsanta, ní thabharfaidh an rialaitheoir aon fhaisnéis don ábhar sonraí sa chás go bhfuil taifeadadh nó nochtadh na sonraí pearsanta leagtha síos go sainráite le dlí, nó sa chás go mbeadh sé dodhéanta an fhaisnéis a chur ar fáil don ábhar sonraí nó go mbeadh iarrachtaí díréireacha ag baint leis sin.

Ar deireadh, tá sé d'oibleagáid ar rialaitheoirí aon cheartú, léirscriosadh nó srianadh próiseála a chur in iúl do gach faighteoir a ndearnadh na sonraí pearsanta a nochtadh dó, ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh nó má tá iarracht dhíréireach ag baint leis. Thairis sin, ní mór don rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi na faighteoirí sin má iarrann an t-ábhar sonraí go ndéanfar amhlaidh.

4.4. Deilbhíní

Ceanglaítear leis na prionsabail maidir le próiseáil thrédhearcach go gcuirfear an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin bpróiseáil a bheith ann agus faoi chríocha na próiseála sin. I bhfianaise an méid sin, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar síos gur féidir deilbhíní caighdeánaithe a bheith i dteanna na faisnéise a thugtar don ábhar sonraí. Is féidir le rialaitheoirí a chinneadh, ar bhonn deonach, an mbeadh úsáid na ndeilbhíní caighdeánaithe sin ina cabhair maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann siad. Ba cheart na deilbhíní a chur i láthair ar bhealach sofheicthe, intuigthe agus iad a bheith inléite go soiléir i bhforléargas fóinteach ar an bpróiseáil atá beartaithe. Ní mór na deilbhíní a chur ar fáil tráth a thabharfar an fhaisnéis. I gcás ina ndéantar na deilbhíní a chur i láthair go leictreonach, ní mór iad a bheith inléite ag meaisín. Chun cur leis an úsáid a bhaintear as deilbhíní caighdeánaithe san Aontas, tugtar de chumhacht don Choimisiún, leis an Rialachán, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gcinnfear an fhaisnéis ba cheart do na deilbhíní a chur i láthair, chomh maith leis na nósanna imeachta chun deilbhíní caighdeánaithe a sholáthar. Ní mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí tuairim a thabhairt uaidh maidir leis na deilbhíní atá molta ag an gCoimisiún. Cé go bhféadfaí gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ní choisctear, leis sin, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí ar threoirlínte, tuairimí agus na cleachtais is fearr maidir le deilbhíní a eisiúint.

4.5. An ceart rochtain a fháil

Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí deimhniú a fháil ón rialaitheoir maidir le sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil nó gan iad a phróiseáil agus, i gcás ina bhfuil na sonraí pearsanta sin á bpróiseáil, beidh sé de cheart aige nó aici rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a liostaítear sa Rialachán. I bhfianaise an méid sin, leagtar amach sa Rialachán nach mór don rialaitheoir cóip de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil a sholáthar saor in aisce.
Le haghaidh tuilleadh cóipeanna a d'iarrfadh an t-ábhar sonraí, féadfaidh an rialaitheoir táille réasúnach a ghearradh bunaithe ar chostais riaracháin. Leis an gceart chun cóip a fháil, níor cheart dochar a dhéanamh do chearta ná do shaoirsí daoine eile.

4.6. An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ("an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad")

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá ábhair sonraí i dteideal go ndéanfaí sonraí pearsanta a bhaineann leo a léirscriosadh más rud é, dá bpróiseálfaí na sonraí sin, nach gcomhlíonfaí an Rialachán ná dlí an Aontais nó dlí na mBallstát a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.

Leis an tagairt don "ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad", aithnítear an gá atá le coigeartú a dhéanamh ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh go háirithe i gcomhthéacs digiteach. Beidh ar rialaitheoirí a bhfuil na sonraí pearsanta sin ar mian leis an ábhar sonraí go ndéanfaí iad a ligean i ndearmad curtha ar fáil don phobal bearta réasúnacha a dhéanamh, lena n-áirítear bearta teicniúla, chun rialaitheoirí atá ag próiseáil na sonraí pearsanta a chur ar an eolas faoi iarratas an ábhair sonraí go ndéanfaí léirscriosadh ar nascanna chuig na sonraí sin, nó cóipeanna nó macasamhla de na sonraí sin, agus an teicneolaíocht atá ar fáil agus costas an chur chun feidhme á gcur san áireamh acu. Féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint maidir le nósanna imeachta chun naisc, cóipeanna nó macasamhla de shonraí pearsanta a scriosadh ó sheirbhísí cumarsáide atá ar fáil don phobal.

An ceart go ndéanfaí léirscriosadh agus an oibleagáid go gcuirfeadh rialaitheoir rialaitheoirí eile ar an eolas faoin iarraidh ar an scriosadh, ní bheidh feidhm ag an gceart ná ag an oibleagáid sin sa mhéid go bhfuil gá le sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críocha a liostaítear go lániomlán sa Rialachán, amhail an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

4.7. An ceart chun iniomparthacht sonraí

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar amach gurb amhlaidh, má dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe, go bhfuil an ceart ag ábhair sonraí pearsanta na sonraí pearsanta a fháil a bhaineann leo agus a sholáthair siad do rialaitheoir i bhformáid struchtúrtha a úsáidtear go coiteann, atá inléite ag meaisín agus atá idir-inoibritheach agus na sonraí sin a tharchur chuig rialaitheoir eile. Thairis sin, sonraítear gurb amhlaidh, i gcás ina mbeadh sé indéanta go teicniúil, go bhfuil ábhair sonraí i dteideal go dtarchuirfí na sonraí go díreach ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile. Ar an gcaoi sin, neartófar tuilleadh an smacht a bheidh ag an ábhar sonraí ar a chuid sonraí féin. Spreagann sé iomaíocht i measc rialaitheoirí freisin.

An ceart sin maidir le hiniomparthacht sonraí, ní bheidh feidhm aige, áfach, maidir leis an bpróiseáil is gá chun cúram a chomhlíonadh a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Ina theannta sin, más rud é, i sraith áirithe sonraí pearsanta, go mbeidh baint ag an scéal ag níos mó ná ábhar sonraí amháin, ní dochar do chearta ná do shaoirsí aon duine eile a bheidh an ceart atá ag ábhar sonraí na sonraí pearsanta a fháil.

4.8. An ceart chun agóid a dhéanamh

I gcás inar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach de bharr gur gá an phróiseáil chun cúram éigin a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir nó ar mhaithe le leas dlisteanach rialaitheora nó tríú páirtí, tá an t-ábhar sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil aon sonraí pearsanta a bhaineann lena chás nó lena cás sonrach féin. Sa chás sin, níl cead ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh mura rud é go dtaispeánfaidh sé go bhfuil forais dhlisteanacha thathantacha leis an bpróiseáil a dhéanamh ar forais iad a bhfuil sáraíocht acu ar leasanna, ar chearta agus ar shaoirsí an ábhair sonraí nó chun éilimh dhlíthiúla a shuíomh, a fheidhmiú nó a chosaint.

I bhfianaise an méid sin, sonraítear gurb amhlaidh, i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun margaíocht dhíreach a dhéanamh, go bhfuil an ceart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh tráth ar bith i gcoinne phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi. Áirítear leis sin próifíliú a mhéid a bhaineann sé leis an margaíocht dhíreach sin. Sainítear gurb éard is 'próifíliú' ann aon chineál de phróiseáil uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta áirithe a bhfuil sé i gceist léi próifíl phearsanta a chruthú nó a úsáid trí mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe trí anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair nó trí na gnéithe sin a thuar, le staid eacnamaíoch an duine, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí. I gcás ina ndéanfaidh an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne sonraí a phróiseáil chun críocha na margaíochta, níl cead na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críocha sin a thuilleadh. Thairis sin, ba cheart an ceart sin a chur ar a shúile, go sainráite agus go soiléir, don ábhar sonraí ar a dhéanaí ag an tráth a rachadh an rialaitheoir sonraí pearsanta i dteagmháil den chéad uair leis an ábhar sonraí.

Ina theannta sin, leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, áirítear tagairt do ghnéithe ar líne "Ná rianaigh" trína shonrú gurb amhlaidh, i gcomhthéacs seirbhísí na sochaí faisnéise a úsáid, go bhféadfaidh an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart a fheidhmiú chun agóid a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe agus úsáid á baint as sonraíochtaí teicniúla.

4.9. Cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú

Tá an ceart ag an ábhar sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh a bhunaítear ar an bpróiseáil uathoibrithe amháin lena ndéantar meastóireacht ar ghnéithe pearsanta a bhaineann leis nó léi agus lena ngabhann éifeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis nó léi nó lena n-imrítear éifeacht shuntasach, chomhchosúil air nó uirthi. Samplaí de sin is ea diúltú uathoibríoch d'iarratas creidmheasa ar líne nó cleachtais earcaíocht ar líne nach bhfuil aon idirghabháil le duine i gceist leis. Féadfar próifíliú a áireamh sa phróiseáil uathoibrithe sin. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an gceart sin nach mbeifí faoi réir próiseála uathoibrithe maidir leis na cásanna seo a leanas:

- tráth a mbeidh sí riachtanach chun conradh a dhéanamh nó a chur i gcrích idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir;

- nuair a údaraítear é faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí na mBallstát a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena leagtar síos freisin bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú, amhail faireachán ar an gcalaois agus ar an imghabháil chánach; nó

- nuair atá sé bunaithe ar thoiliú sainráite an ábhair sonraí.

- Ach amháin sa dara cás maidir le próiseáil a údaraítear le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit, ní mór don phróiseálaí a dhéanann próiseáil trí mhodhanna uathoibrithe coimircí oiriúnacha a chur chun feidhme do shaoirsí agus cearta agus do leasanna dlisteanacha na n-ábhar sonraí. Ní mór a bheith ar áireamh sna coimircí sin, ar a laghad, an ceart i dtaca le hidirghabháil dhaonna ó thaobh an rialaitheora de a fháil agus an deis a bheith ag an ábhar sonraí a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl, agus agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Ina theannta sin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an phróiseáil cothrom agus trédhearcach, ba cheart do rialaitheoirí nósanna imeachta leordhóthanacha matamaiticiúla agus staitisticiúla a úsáid don phróifíliú agus do na bearta lena n-íoslaghdófaí na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do leasanna na n-ábhar sonraí.

Déantar an t-ábhar sonraí a chumasú tuilleadh ós rud é go bhfuil sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir, nuair is gá chun próiseáil chothrom, thrédhearcach a áirithiú, faisnéis faoi chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, a sholáthar don ábhar sonraí, agus, sna cásanna sin ar laghad, faisnéis fhiúntach a sholáthar dó faoin loighic lena mbaineann, mar aon le tábhacht na próiseála sin don ábhar sonraí agus na hiarmhairtí a cheaptar a bheidh uirthi dó.

Ar deireadh, ní cheadófar cinnteoireacht uathoibrithe ná próifíliú maidir le sainchatagóirí sonraí pearsanta, ach amháin faoi choinníollacha sonracha, lena n-áirítear ceart an ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála sin nuair a dhéantar na sonraí pearsanta sin a phróiseáil tuilleadh chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, mura mbeidh an phróiseáil riachtanach chun cúram éigin a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail.

Féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint d'fhonn na critéir agus na coinníollacha maidir le cinntí atá bunaithe ar phróifíliú a shonrú tuilleadh.

## 5. Rialaitheoir agus Próiseálaí

### 5.1. Réamhrá

Sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, bunaítear an creat dlíthiúil do fhreagracht agus do dhliteanas i leith aon phróiseála a dhéanfaidh rialaitheoir nó a dhéanfaidh próiseálaí thar ceann an rialaitheora. I gcomhréir le prionsabal na cuntasachta, tá sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme agus a bheith in ann a thaispeáint go gcomhlíontar an Rialachán lena chuid oibríochtaí próiseála. I bhfianaise an méid sin, leagtar síos rialacha sa Rialachán maidir le freagrachtaí an rialaitheora i ndáil le measúnuithe tionchair, taifid a choinneáil maidir le próiseáil, sáruithe i ndáil le sonraí, Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú agus cóid iompair agus sásraí deimhniúcháin.

### 5.2. Measúnuithe tionchair

Tá an rialaitheoir freagrach as measúnú tionchair a dhéanamh maidir le cosaint sonraí chun meastóireacht a dhéanamh cathain a d'fhéadfadh riosca mór a bheith ann i ndáil le cearta agus le saoirsí daoine aonair. Leagtar amach sa Rialachán na cásanna ina n-éilítear measúnú tionchair ar chosaint sonraí go háirithe, amhail sainoibríochtaí próiseála áirithe ar mhórscála. I gcás ina léireofar leis an measúnú tionchair sin go mbaineann riosca mór le hoibríochtaí próiseála nach féidir leis an rialaitheoir a mhaolú trí bhearta iomchuí ó thaobh na teicneolaíochta atá ar fáil agus na gcostas a bhaineann leis an gcur chun feidhme, caithfear dul i gcomhairle leis an údarás maoirseachta sula ndéanfar an phróiseáil. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta comhairle a thabhairt ansin don rialaitheoir agus úsáid a bhaint as aon cheann dá chumhachtaí.

Féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte a eisiúint freisin, maidir le hoibríochtaí próiseála ar dócha go mbeidh riosca mór ag gabháil leo i ndáil le cearta agus saoirsí daoine aonair agus féadfaidh siad freisin na bearta a léiriú a d'fhéadfadh a bheith leordhóthanach sna cásanna sin chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

5.3. Taifid de na gníomhaíochtaí próiseála

Ionas go bhféadfaidh an t-údarás maoirseachta rialuithe ex post a dhéanamh, féadfaidh an rialaitheoir nó, más ann dó, ionadaí an rialaitheora, nó an próiseálaí, taifid a choinneáil, ar ghníomhaíochtaí próiseála atá faoina chúram, lena n-áirítear maidir le sáruithe ar shonraí. D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú, níl an oibleagáid maidir le taifead a dhéanamh infheidhme maidir le fiontair nó le heagraíochtaí ina bhfostaítear níos lú ná 250 duine ach amháin murar dócha é go ngabhfaidh riosca do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí leis an bpróiseáil a bhíonn ar bun acu, nach ndéantar an phróiseáil go hócáideach, go n-áirítear sa phróiseáil sonraí íogaire nó sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta.

5.4. Sáruithe i ndáil le sonraí

Má dhéantar sárú i ndáil le sonraí pearsanta, d'fhéadfadh gurb é an toradh a bheadh air díobháil fhisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha do dhaoine aonair amhail smacht ar a gcuid sonraí pearsanta a chailleadh, nó teorannú ar a gcearta, idirdhealú, goid aitheantais nó calaois aitheantais, cailleadh airgeadais, nochtadh neamhúdaraithe shealbhóir an ainm bhréige, damáiste don chlú, cailleadh rúndacht na sonraí sin a chosnaítear le sicréideacht ghairmiúil, nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile don duine aonair lena mbaineann. Foráiltear le Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go gcaithfidh rialaitheoirí sáruithe i ndáil le sonraí a chur in iúl d'údaráis maoirseachta mura rud é nach dóigh go mbeidh riosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair mar thoradh ar an sárú sin. Caithfidh siad freisin na sáruithe sin ar dócha go mbainfidh riosca ard leo a chur in iúl do na hábhair sonraí. Trí fhógra a thabhairt do na húdaráis maoirseachta, beidh an deis acu idirghabháil a dhéanamh, más gá. Thairis sin, trí chur in iúl don ábhar sonraí ábhartha, beidh an deis aige nó aici bearta réamhchúraim a ghlacadh.

D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú, déantar, sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tairseacha éagsúla a chur i bhfeidhm maidir le fógraí a thabhairt don údarás maoirseachta agus maidir leis an gcur in iúl don ábhar sonraí, agus tairseach níos airde don chur in iúl ná maidir leis an bhfógra a thabhairt. Tá sé d'oibleagáid ar rialaitheoirí, a luaithe agus a fhaigheann siad amach go ndearnadh sárú i ndáil le sonraí pearsanta, fógra a thabhairt don údarás inniúil maoirseachta gan aon mhoill mhíchuí agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 72 uair tar éis é a bheith faighte amach acu. Mar sin féin, féadfaidh rialaitheoirí staonadh ó fhógra a thabhairt má bhíonn siad in ann a léiriú nach dócha go mbeidh riosca ann do chearta ná do shaoirsí daoine aonair mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta. Seachas roinnt eisceachtaí, tá sé d'oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí, an sárú sin i ndáil leis na sonraí a chur in iúl do na hábhair ábhartha sonraí, gan aon mhoill mhíchuí, más rud é gur dócha go mbeidh riosca mór ann do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

Féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint chun go ndeimhneofar na sáruithe i ndáil leis na sonraí agus chun go gcinnfear an mhoill mhíchuí tar éis don Rialaitheoir a bheith ar an eolas faoin sárú agus do na himthosca ar leith ina gcuirfear de cheangal ar an rialaitheoir fógra a thabhairt faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta, chomh maith le do na himthosca inar dócha go mbeidh riosca mór ann do chearta agus do shaoirsí na ndaoine aonair.

5.5. An tOifigeach Cosanta Sonraí

Is chun gur fearr a chomhlíonfar an Rialachán a ainmneofar Oifigeach Cosanta Sonraí. Dá bhrí sin, caithfidh saineolas ar leith a bheith ag an Oifigeach Cosanta Sonraí faoi dhlíthe agus cleachtais maidir le cosaint sonraí agus caithfidh sé cuidiú leis an rialaitheoir nó leis an bpróiseálaí faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh inmheánach an Rialacháin seo. D'fhéadfadh sé gur ball foirne de chuid an rialaitheora nó an phróiseálaí é nó í, nó d'fhéadfadh sé nó sí na cúraimí sin a chomhlíonadh ar bhonn conartha seirbhíse. Féadfar an t-aon oifigeach amháin cosanta sonraí a cheapadh freisin do ghrúpa gnóthas nó i gcás inar údarás poiblí é an rialaitheoir nó an próiseálaí. I Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, foráiltear go ndéanfar Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú go sainordaitheach sna cásanna seo a leanas:

- is údarás poiblí a dhéanfaidh an phróiseáil, seachas cúirteanna nó údaráis bhreithiúnacha neamhspleácha agus iad ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach féin,

- is é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí oibríochtaí próiseála lena gceanglaítear, mar gheall ar chineál, raon feidhme agus/nó cuspóirí na n-oibríochtaí sin, go ndéantar faireachán rialta agus córasach mórscála ar na hábhair sonraí; nó

- is é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí, próiseáil a dhéanamh ar mhórscála ar shonraí íogaire agus ar shonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus le cionta.

5.6. Cóid iompair agus sásraí deimhniúcháin

I seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, dreasaítear cur i bhfeidhm cód iompair agus déantar úsáid níos leithne sásraí deimhniúcháin don chosaint sonraí agus séalaí agus marcanna cosanta sonraí a chur chun cinn. Leis na tionscnaimh sin, cabhraítear leis na rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh agus, ag an am céanna, déantar rialacha ródhochta a sheachaint agus laghdaítear na costais atá ag na húdaráis phoiblí atá freagrach as an bhforfheidhmiú. Thairis sin, is féidir le cóid iompair aird a thabhairt ar shaintréithe sonracha na próiseála a dhéantar in earnálacha áirithe agus ar riachtanais na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide. Le sásraí deimhniúcháin agus le séalaí agus marcanna cosanta sonraí, cabhraítear le comhlíonadh an Rialacháin ós rud é gur féidir leis na hábhair sonraí an leibhéal cosanta sonraí atá ag gabháil le táirgí agus seirbhísí ábhartha a mheas go héasca.

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá tacar cuimsitheach rialacha maidir le cóid iompair agus sásraí deimhniúcháin, séalaí agus marcanna cosanta sonraí lena dtugtar deis don tionscnaíocht phríobháideach ach lena ndéantar caighdeáin chosanta sonraí a chosaint ag an am céanna trí rannpháirtíocht údarás maoirseachta.

*5.6.1. Cóid Iompair*

Féadfaidh an t-údarás maoirseachta cóid iompair nó leasuithe nó faduithe ar na cóid iompair sin a fhormheas. I gcás ina mbaineann an dréachtchód iompair le gníomhaíochtaí próiseála i mBallstáit éagsúla, ní mór don údarás inniúil maoirseachta, sula bhformheasfaidís é, dréacht-chód, leasú nó fadú a thíolacadh don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí chun tuairim a fháil.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun a chinneadh go mbeidh bailíocht ghinearálta san Aontas ag cóid nua iompair agus ag leasuithe nó faduithe ar chóid atá ann cheana atá formheasta ag an údarás maoirseachta inniúil.

Ba cheart don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí spreagadh a thabhairt le go gcuirfear cóid iompair i dtoll a chéile. Ní mór dó na cóid iompair ar fad atá formheasta agus na leasuithe orthu a bhailiú i gclár poiblí freisin agus iad a chur ar fáil don phobal trí bhealach ar bith atá iomchuí .

*5.6.2. Sásraí deimhniúcháin, séalaí agus marcanna cosanta sonraí*

Leagtar amach sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhforálfaidh gach Ballstát cibé acu an é an t-údarás maoirseachta nó an Comhlacht Creidiúnaithe Náisiúnta a dhéanann na comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú. Féadfaidh comhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe na rialaitheoirí agus na próiseálaithe a dheimhniú ar bhonn na gcritéar a d'fhormheas an t-údarás inniúil maoirseachta nó, i gcomhréir leis an sásra comhsheasmhachta, a d'fhormheas an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí. Sa dara cás thuas, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh comhdheimhniú, an Séala Eorpach Cosanta Sonraí, as na critéir a d'fhormheas an Bord Eorpach um chosaint sonraí. Eiseofar an deimhniú don rialaitheoir nó don phróiseálaí ar feadh uastréimhse 3 bliana agus féadfar é a athnuachan. Ní mór don chomhlacht deimhniúcháin na cúiseanna a thabhairt don údarás maoirseachta lenar tugadh nó lenar tarraingíodh siar an deimhniú a iarradh. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an t-údarás maoirseachta diúltú do dheimhniú den sórt sin nó an deimhniú a dhearbhú neamhbhailí.

Tá an inniúlacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na ceanglais sin a shonrú atá le cur san áireamh maidir leis na sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí. Ní mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí tuairim a thabhairt uaidh maidir leis na ceanglais sin. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na caighdeáin theicniúla do shásraí deimhniúcháin agus do shéalaí agus marcanna cosanta sonraí agus do shásraí chun sásraí deimhniúcháin agus séalaí agus marcanna cosanta sonraí a chur chun cinn agus a aithint.

Ar deireadh, ba cheart don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí spreagadh a thabhairt chun sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí agus séalaí agus marcanna cosanta sonraí a bhunú.

## 6. Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta

### 6.1. Réamhrá

Tá sreafaí trasteorann sonraí pearsanta chuig tíortha atá taobh amuigh den Aontas agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó na tíortha agus ó na heagraíochtaí sin ríthábhachtach i gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta agus an gheilleagair dhigitigh trasteorann. Ní féidir baint de leibhéal na cosanta a ráthaíonn an tAontas má aistrítear sonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais lasmuigh den Aontas.

Mar phrionsabal ginearálta, ní fhéadfar aon sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ach amháin má chomhlíonann rialaitheoirí agus próiseálaithe rialacha an Rialacháin. Cuirtear san áireamh go hiomlán sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh cásdlí Chúirt an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an rialú a thug sí ar an 6 Deireadh Fómhair 2015 i gCás C-362/14. Tá bealaí éagsúla sa seasamh ón gComhairle chun aistrithe trasteorann de shonraí pearsanta a cheadú agus na ráthaíochtaí go n-urramófar cearta cosanta sonraí á neartú ag an am céanna. Is iad na bealaí éagsúla sin chun sonraí pearsanta a aistriú trí chinntí leordhóthanachta, trí chosaintí iomchuí agus trí mhaoluithe.

Soiléirítear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh nach bhféadfar aon rialú cúirte nó binse ná aon chinneadh ó údarás riaracháin tríú tíre, a cheanglaíonn ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí sonraí pearsanta a aistriú nó a nochtadh, a aithint ná ní bheidh siad infhorfheidhmithe ar aon bhealach ach amháin má tá siad bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó Ballstát. Thairis sin, sonraítear go sainráite leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta den chineál sin gan dochar d'fhorais eile le haghaidh aistrithe trasteorann dá bhforáiltear sa Rialachán.

<u>6.2. Cinntí leordhóthanachta</u>

Féadfar aistrithe idirnáisiúnta a dhéanamh ar bhonn cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún go n-áiritheoidh an tríú tír, nó críoch nó earnáil shonrach amháin nó níos mó, laistigh den tríú tír sin, nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gceist, leibhéal cosanta a bheidh coibhéiseach leis an leibhéal a ráthaítear laistigh den Aontas. Ar an gcuma sin, , tugtar deimhneacht dhlíthiúil agus aonfhoirmeacht ar fud an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, tar éis dó fógra ina leith agus bonn cirt iomlán a thabhairt don tríú tír nó don eagraíocht idirnáisiúnta, an cinneadh leordhóthanachta sin a chúlghairm. Glacann an Coimisiún cinntí leordhóthanachta agus cinntí chun cinntí den chineál sin a chúlghairm mar ghníomhartha cur chun feidhme. Ní mór do na gníomhartha cur chun feidhme foráil a dhéanamh do shásra le haghaidh athbhreithniú tréimhsiúil, ar a laghad uair amháin gach ceithre bliana. Ní mór don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú cinntí leordhóthanachta. Chun faireachán a dhéanamh agus chun na hathbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar thuairimí agus ar thorthaí Pharlaimint na hEorpa agus ar thuairimí agus ar thorthaí na Comhairle, agus ar thuairimí agus ar thorthaí comhlachtaí agus foinsí ábhartha eile freisin. I gcomhthéacs na meastóireachta agus an athbhreithnithe ar an Rialachán, ní mór don Choimisiún , ar bhonn rialta, tuarascáil a chur chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa freisin. Ar deireadh, ní mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí tuairim a chur ar fáil don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an leibhéil chosanta i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear chun a mheas cibé an áirithítear leibhéal leordhóthanach cosanta a thuilleadh nó nach n-áirithítear.

Beidh feidhm ag na cinntí arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE go dtí go ndéanfar iad a leasú, a athchur nó a aisghairm le Cinneadh ón gCoimisiún. Ar an gcaoi chéanna, na húdaruithe a dhéanfaidh Ballstát nó údarás maoirseachta ar bhonn Airteagal 26(2) de Threoir 95/46/CE agus na cinntí a ghlacfaidh an Coimisiún ar bhonn Airteagal 26(4) de Threoir 95/46/CE, beidh siad bailí i gcónaí go dtí go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta nó iad a leasú, a athchur nó a aisghairm, más gá, nó go ndéanfar amhlaidh le cinneadh ón gCoimisiún, faoi seach. Trí leanúnachas a áirithiú, foráiltear do dheimhneacht dhlíthiúil leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

6.3. Cosaintí iomchuí

Sa bhreis ar chinntí leordhóthanachta, féadfar aistrithe trasteorann a dhéanamh má tá cosaintí iomchuí curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an easpa cosanta sonraí i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta a chúiteamh. Féadfar a áireamh ar na coimircí sin ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh an dlí agus atá in-fhorfheidhmithe idir údaráis phoiblí nó comhlachtaí poiblí rialacha ceangailteacha corparáideacha, clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún, clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag údarás maoirseachta nó clásail chonarthacha arna n-údarú ag údarás maoirseachta. Féadfaidh rialaitheoirí nó próiseálaithe i dtríú tír cosaintí iomchuí a chur ar fáil freisin d'aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is féidir leo sin a dhéanamh le cód iompair a formheasadh in éineacht le gealltanais cheangailteacha agus infhorfheidhmithe chun na cosaintí iomchuí a chur i bhfeidhm trí ionstraimí conarthacha nó ionstraimí eile atá ceangailteach ó thaobh an dlí, lena n-áirítear maidir le cearta na n-ábhar sonraí. Is féidir leo sin a dhéanamh freisin le sásra deimhniúcháin arna bhformheas ag an údarás inniúil maoirseachta i dteannta le gealltanais cheangailteacha, infhorfheidhmithe ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí sa tríú tír na coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le cearta na n-ábhar sonraí.

6.4. Maoluithe

In éagmais cinnidh leordhóthanachta nó cosaintí leordhóthanacha, féadfar sonraí pearsanta nó tacar sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, ar bhonn na maoluithe a liostaítear go léniomlán sa Rialachán. Baineann ceann de na maoluithe sin leis na leasanna dlisteanacha arna saothrú ag an rialaitheoir i gcás nach ndéantar leasanna den sórt sin a shárú le leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí. D'fhonn foráil do chosaintí leordhóthanacha le haghaidh aistrithe trasteorann de shonraí pearsanta, cuimsítear leasanna dlisteanach an rialaitheora go docht agus ní fhéadfar iad a agairt ach amháin mar *ultimum remedium*. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ní mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtas a leagan amach agus a athbhreithniú chun na critéir agus na ceanglais a shonrú tuilleadh maidir le haistrithe sonraí in éagmais cinnidh leordhóthanachta nó cosaintí iomchuí.

## 7. Údaráis mhaoirseachta

### 7.1. Neamhspleáchas

D'fhonn cosaint a thabhairt do chearta agus do shaoirsí bunúsacha daoine aonair i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta agus chun saorshreabhadh sonraí pearsanta a éascú laistigh den Aontas, ní mór do gach Ballstát foráil a dhéanamh go mbeidh údarás neamhspleách poiblí amháin nó níos mó freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin ar a gcríoch féin. Ní mór do gach údarás maoirseachta agus dá chomhaltaí gníomhú le neamhspleáchas iomlán, lena n-áirítear le sláine, i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na gcumhachtaí a tugadh don údarás maoirseachta sin agus dá chomhaltaí.

Ní mór do gach údarás maoirseachta cur le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin ar fud an Aontais. Chun na críche sin, ní mór do na húdaráis mhaoirseachta comhoibriú lena chéile agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, mar aon leis an gCoimisiún. Áirithítear cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin trí inniúlachtaí na n-údarás maoirseachta a leagan amach agus trí shainmhíniú a thabhairt ar na cúraimí imscrúdaitheacha, ceartaitheacha agus na cumhachtaí údaraithe nó comhairleacha sin ar cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith acu, ar a laghad.

### 7.2. Sicréideacht ghairmiúil

Leagtar rialacha amach sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir le sicréideacht ghairmiúil do na húdaráis mhaoirseachta agus dá gcomhaltaí. Ar an gcéad dul síos, is gá go mbeidh comhalta nó comhaltaí agus foireann gach údaráis maoirseachta, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, faoi réir dualgas sicréideachta gairmiúla le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, maidir le haon fhaisnéis rúnda a dtagann siad uirthi le linn dóibh bheith ag comhlíonadh a ndualgas nó ag feidhmiú a gcumhachtaí. Sonraítear sa bhreis air sin, le linn a dtéarma oifige, go mbainfidh an dualgas sin maidir le sicréideacht ghairmiúil go háirithe le sáruithe ar an Rialachán a bheith á dtuairisciú ag daoine aonair le linn a dtéarma oifige. Ina theannta sin, tá sé de chúram ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint chun nósanna imeachta comhchoiteanna a bhunú le haghaidh tuairiscithe ó dhaoine aonair i leith sáruithe ar an Rialachán.

## 8. Comhar agus comhsheasmhacht

### 8.1. An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, bunaítear an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí mar chomhlacht de chuid an Aontais a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige chun cur i bhfeidhm ceart agus comhsheasmhach an Rialacháin a áirithiú. Is éard atá i gceist go háirithe le hidirghabhálacha ag an mBord tuairimí a thabhairt, cinntí ceangailteacha a ghlacadh i gcomhthéacs na réiteach díospóidí idir údaráis mhaoirseachta nó treoirlínte a eisiúint maidir le haon cheist a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, tá ceannaire ó údarás maoirseachta amháin ó gach Ballstát agus beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, nó a n-ionadaithe faoi seach. Tá sé de cheart ag an gCoimisiún a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ach níl cead vótála aige. Bíonn plé an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoi rún i gcás go measann an Bord gur gá sin, de réir mar a bhforáiltear dó sin ina rialacha nós imeachta.

I gcás ina nglacann an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí cinneadh ceangailteach i réiteach díospóide, beidh cearta vótála ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le cinntí a bhaineann leis na prionsabail agus na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a fhreagraíonn go substaintiúil do na cinn sa Rialachán, agus maidir leis na cinntí sin amháin.

### 8.2. An sásra comhsheasmhachta

I gcásanna próiseála trasteorann sonraí pearsanta, nuair atá níos mó ná údarás maoirseachta amháin i gceist, áirithítear leis an sásra comhsheasmhachta go nglacfar cinneadh aonair a bheidh infheidhme ar fud an Aontais Eorpaigh agus, ag an am céanna, go gcuirfear san áireamh tuairim na n-údarás maoirseachta éagsúil lena mbaineann. Dá bhrí sin, feabhsaíonn an sásra gaireacht idir ábhair so0nraí agus an t-údarás maoirseachta cinnteoireachta trí bheith i dteagmháil leis na húdaráis mhaoirseachta 'áitiúla' le linn phróiseas na cinnteoireachta. Ina theannta sin, i gcás díospóidí idir údaráis mhaoirseachta ó Bhallstáit éagsúla, tá an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí inniúil cinnteoireacht cheangailteach a ghlacadh.

Níl feidhm ag na rialacha maidir leis an sásra comhsheasmhachta i gcás inarb iad údaráis phoiblí nó comhlachtaí príobháideacha a dhéanann an phróiseáil ar mhaithe le leas an phobail. I gcásanna den sórt sin is é údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás poiblí nó an comhlacht príobháideach bunaithe, an t-aon údarás maoirseachta atá inniúil.

Foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, i gcomhthéacs na meastóireachta a rinne an Coimisiún ar an Rialachán, go scrúdófar cur i bhfeidhm an tsásra um chomhar agus um chomhsheasmhacht.

## 9. Leigheasanna , dliteanas agus smachtbhannaí

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar síos tacar rialacha mionsaothraithe a thugann roinnt bealaí leighis do na daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear cúiteamh a éileamh i gcás damáistí mar thoradh ar shárú an Rialacháin.

### 9.1. Ceart chun gearán a thaisceadh agus an ceart chun leigheas breithiúnach

Foráiltear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhfuil an ceart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta, má mheasann sé nó sí nach gcomhlíonann próiseáil na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo. Thairis sin, tá an ceart chun leigheas éifeachtach breithiúnach ag gach duine is ábhar do na sonraí in aghaidh cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí ó údarás maoirseachta a bhaineann leis nó léi. Tá an ceart chun leigheas éifeachtach breithiúnach aige nó aici freisin i gcás nach ndéileálann an t-údarás maoirseachta leis an ngearán nó nach soláthraíonn sé faisnéis maidir le dul chun cinn nó le toradh an ghearáin.

Ina theannta sin, tá an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach ag gach ábhar sonraí má mheasann sé nó sí gur sáraíodh a chearta nó a cearta faoin Rialachán seo toisc nár próiseáladh a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán.

Áirithítear don ghaireacht idir ábhar sonraí agus an chúirt náisiúnta os rud é go bhfeuil sé de cheart ag an ábhar sonraí athbhreithniú ar chinneadh a údarás nó a húdarás cosanta sonraí a fháil óna c(h)úirt náisiúnta, beag beann ar cibé acu Ballstát ina bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe. Ní mór imeachtaí i gcoinne rialaitheoir nó próiseálaí a thionscnamh os comhair na gcúirteanna sa Bhallstát ina bhfuil bunaíocht ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí. De rogha air sin, féadfar na himeachtaí sin a thionscnamh os comhair na gcúirteanna sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine is ábhar do na sonraí, ach amháin más údarás poiblí de chuid Ballstáit é an rialaitheoir nó an próiseálaí atá ag gníomhú i bhfeidhmiú a chumhachtaí poiblí.

Ar deireadh, tá an ceart ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach caingean a thionscnamh chun cinntí de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a neamhniú os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE.

9.2. Ionadaíocht na n-ábhar sonraí

Tá an ceart ag ábhar sonraí sainordú a thabhairt do chomhlachtaí, d'eagraíochtaí nó do chomhlachais a chomhlíonann critéir shonracha, amhail obair ar bhonn neamh-bhrabúsmhar nó a bheith gníomhach sa réimse cosanta sonraí, an gearán a thaisceadh ar a shon nó ar a son agus na cearta leighis bhreithiúnaí a fheidhmiú ar a shon nó ar a son agus an ceart chun cúiteamh a fháil a fheidhmiú ar a shon nó ar a son má tá foráil dó sin i ndlí Ballstáit. Is é is aidhm do na critéir shonracha sin forbairt cultúir éileamh trachtala, sá réimse cosanta sonraí, a sheachaint. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go bhfuil ag aon chomhlacht, eagraíocht nó chomhlachas den sórt sin, neamhspleách ar shainordú ón duine is ábhar do na sonraí, an ceart chun gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta inniúil agus na cearta maidir le leigheas breithiúnach a fheidhmiú má mheasann sé gur sáraíodh cearta ábhar sonraí mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta, ar phróiseáil í nach ndearnadh i gcomhréir leis an Rialachán.

9.3. Imeachtaí a chur ar fionraí

D'fhonn a sheachaint go ndéanfaidh cúirteanna éagsúla scrúdú ar an ábhar céanna i ndáil le próiseáil a dhéanann an rialaitheoir céanna nó an próiseálaí céanna, féadfaidh aon chúirt inniúil, seachas an chéad chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair, na himeachtaí a chur ar fionraí nó féadfaidh sí, ar iarratas ó cheann de na páirtithe, dlínse a dhiúltú.

9.4. An ceart chun cúiteamh agus dliteanas a fháil

Foráiltear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhfuil an ceart ag aon ábhar sonraí a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo a bheith i dteideal cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí. D'fhonn an deis a thabhairt do na daoine is ábhar do na sonraí cúiteamh a éileamh i gcás damáiste, agus ag an am céanna an deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe, sonraíonn an Rialachán seo a gcuid dliteanas. Beidh aon rialaitheoir a bhfuil baint aige leis an bpróiseáil, faoi dhliteanas i leith an damáiste a rinne sé. Ní bheidh próiseálaí faoi dhliteanas ach amháin i gcás nár chomhlíon sé oibleagáidí an Rialacháin atá dírithe go sonrach ar phróiseálaithe, nó má ghníomhaigh sé lasmuigh de threoracha dleathacha an rialaitheora nó contrártha leo. Mar sin féin, déanfar rialaitheoir nó próiseálaí a dhíolmhú ó dhliteanas má chruthaíonn sé nach bhfuil sé ar dhóigh ar bith freagrach as an imeacht ba shiocair leis an damáiste.

I gcás ina bhfuil baint ag níos mó ná rialaitheoir nó próiseálaí amháin nó ag rialaitheoir agus próiseálaí leis an bpróiseáil chéanna agus i gcás ina bhfuil siad freagrach as aon damáiste a d'eascair as an bpróiseáil, beidh gach rialaitheoir nó próiseálaí faoi dhliteanas i leith iomlán an damáiste, ionas go n-áiritheofar go dtabharfar cúiteamh éifeachtach don duine is ábhar do na sonraí. Mar sin féin, i gcás inar íoc rialaitheoir nó próiseálaí cúiteamh iomlán as an damáiste a rinneadh, tá an rialaitheoir nó an próiseálaí sin i dteideal an chuid den chúiteamh a chomhfhreagraíonn dá chuid freagrachta i leith an damáiste a éileamh ar ais ó na rialaitheoirí nó na próiseálaithe eile a raibh baint acu leis an bpróiseáil chéanna

## 9.5. Pionóis

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, foráiltear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go bhféadfaidh na húdaráis mhaoirseachta fíneálacha riaracháin a ghearradh. Ní mór na fíneálacha sin a bheith éifeachtach comhréireach agus athchomhairleach. Féadfaidh na Ballstáit na rialacha a leagan síos faoi cibé an bhféadfar, agus a mhéid a fhéadfar, fíneálacha riaracháin a ghearradh ar údaráis agus ar chomhlachtaí poiblí a bunaíodh sa Bhallstát sin. Chomh maith le fíneálacha riaracháin a ghearradh, féadfaidh údaráis mhaoirseachta cumhachtaí ceartaitheacha eile a úsáid freisin amhail rabhaidh nó iomarduithe. D'fhonn comhchuibhiú a mhéadú, ní mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte a tharraingt suas le haghaidh údaráis mhaoirseachta maidir le cur i bhfeidhm chumhachtaí ceartaitheacha an údaráis mhaoirseachta agus fíneálacha riaracháin a shocrú.

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá liosta de na critéir don údarás maoirseachta nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus, má ghearrtar, méid na fíneála. Baineann na critéir sin, inter alia, le cineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe ar an Rialachán, agus ar an sárú a bheith déanta d'aon ghnó nó trí fhaillí. Liostaítear sa Rialachán na sáruithe agus na fíneálacha riaracháin uasta comhfhreagracha. Laistigh de na fíneálacha riaracháin uasta, ní mór don údarás maoirseachta an méid iomchuí a chinneadh ag brath ar dhálaí gach sáraithe faoi leith. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe agus d'fhonn comhchuibhiú na bhfíneálacha riaracháin a fheabhsú laistigh den Aontas, agus ag an am céanna corrlach lánroghnach a choinneáil d'údaráis mhaoirseachta, foroinntear na sáruithe sin ina dtrí chatagóir. Gearrfar fíneálacha riaracháin suas le EUR 10 000 000 de thoradh ar sháruithe sa chéad chatagóir a bhaineann le hoibleagáidí rialaitheoirí agus próiseálaithe, nó i gcás fiontair, suas le 2 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde. Don dara catagóir de sháruithe ar chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí agus na prionsabail ghinearálta tá uasmhéid de EUR 20 000 000 nó 4 % den láimhdeachas. Baineann an tríú catagóir sáruithe le neamhchomhlíonadh ordaithe ag an údarás maoirseachta freisin agus tá finéal d'uasmhéid de EUR 20 000 000 nó 4 % de láimhdeachas i gceist ansin.

## 10. Staideanna sonracha próiseála sonraí

10.1. Sonraí pearsanta a phróiseáil agus saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil

Déanfaidh na Ballstáit réiteach de réir dlí idir an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint de bhun an Rialacháin seo agus an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha iriseoireachta agus chun críocha léirithe acadúil, ealaíne nó liteartha. D'fhonn trédhearcacht a áirithiú maidir leis na cearta sin a thabhairt chun réitigh, tá sé d'oibleagáid ar gach Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na forálacha ábhartha dá dhlí féin atá ábhartha agus na leasuithe ar na forálacha sin, chomh maith le forálacha ábhartha nua.

10.2. Próiseáil ó thaobh na fostaíochta de

Féadfaidh na Ballstáit, leis an dlí nó le comhaontuithe comhchoiteanna, foráil a dhéanamh do rialacha níos sonraí chun a áirithiú go ndéanfar cearta agus saoirsí na bhfostaithe a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ó thaobh na fostaíochta de.

Ní mór a chur san áireamh sna rialacha sin bearta oiriúnacha agus sonracha chun dínit, leasanna dlisteanacha agus cearta bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. Ní mór do gach Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na forálacha ábhartha dá dhlí féin agus na leasuithe ar na forálacha sin, chomh maith le forálacha ábhartha nua.

10.3. Coimircí agus maoluithe le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, nó chun críocha taighde eolaíoch agus stairiúil nó chun críocha staidrimh

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar síos rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, nó chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh. Is é cuspóir na rialacha sin go dtabharfar chun réitigh, ar láimh amháin, an leas a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí i gcartlanna, chun staidreamh a sholáthar agus an taighde a dhéanamh, agus, ar an láimh eile, cearta cosanta sonraí.

Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, nó chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, caithfidh an phróiseáil sin a bheith faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí an duine is ábhar do na sonraí de bhun an Rialacháin. Tugtar údarú do na Ballstáit, faoi choinníollacha sonracha agus le coimircí iomchuí do na hábhair sonraí, sonraíochtaí agus maoluithe a chur ar fáil maidir leis na ceanglais faisnéise agus maidir leis na cearta go ndéanfaí ceartúchán, go ndéanfaí léirscriosadh, go ndéanfaí ligean i ndearmad, go ndéanfaí próiseáil a shrianadh, na cearta chun iniomparthacht sonraí agus chun agóid a dhéanamh agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, nó chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh.

Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ceadaítear maolú ar an toirmeasc maidir le sonraí íogaire pearsanta a phróiseáil i gcás próiseála chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, nó chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh. Ceadaítear maolú den sórt sin má tá an phróiseáil atá i gceist bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit agus caithfidh an dlí sin a bheith comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, go n-urramófar leis éirim an chirt go ndéanfar sonraí a chosaint agus go bhforálfar do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an duine is ábhar do na sonraí a choimirciú.

**11. Comhaontuithe a tugadh i gcrích roimhe seo**

Sonraítear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, go bhfanfaidh i bhfeidhm na comhaontuithe idirnáisiúnta faoinar aistríodh sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a chuir na Ballstáit i gcrích sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais a bhí infheidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go dtí go leasófar iad, go gcuirfear comhaontuithe eile ina n-ionad nó go gcúlghairfear iad. Áirithítear leis sin deimhneacht dhlíthiúil do rialaitheoirí agus cuirtear bac leis ar ualach neamhriachtanach riaracháin ar na Ballstáit. Cuirtear san áireamh leis freisin go mbíonn na Ballstáit ag brath ar chomhar ón tríú tír nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta d'fhonn comhaontú atá ann cheana féin a leasú.

## IV. CONCLÚID

Léirítear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa agus a d'éascaigh an Coimisiún. Iarrann an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas go foirmiúil gan leasuithe, ionas gur féidir creat reachtach nua an Aontais maidir le cosaint sonraí a bhunú lena neartófar cearta cosanta sonraí ag an am céanna go n-éascófar sreabhadh sonraí pearsanta sa mhargadh digiteach.